Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15085/25**

**SOC 741**
**EMPL 490**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Coiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta - Ceapachán Solveig Sternjakob, comhalta thar ceann na Gearmáine, in ionad Robert NAZAREK, atá éirithe as oifig |

1. Cuireadh in iúl d'Ardrúnaíocht na Comhairle go bhfuil Robert NAZAREK éirithe as mar chomhalta den Choiste thuas i gcatagóir ionadaithe na gceardchumann (thar ceann na Gearmáine).

2. Faoi Airteagal 75 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 an 29 Aibreán 2004[1] lena mbunaítear an Coiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha, agus de bhrí Chinneadh ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2025[2], tá na ceapacháin sin bailí go ceann tréimhse 5 bliana.

[1] IO L 166, 30.4.2004, lch. 1.
[2] IO C, C/2025/5609, 15.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5609/oj

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá Solveig STERNJAKOB ainmnithe ag an nGearmáin don suíochán sin go ceann a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 19 Deireadh Fómhair 2030.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

   (a) an Cinneadh ón gComhairle lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta, mar a leagtar amach in 15084/25 é, a ghlacadh mar mhír 'A', agus

   (b) an Cinneadh a fhoilsiú, mar fhaisnéis, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.